AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2025
COM(2025) 344 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

d’fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 126(7) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta inbhuanaithe mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca faoi, rud a thacóidh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a ghnóthú.

(3) Tá an Rómáin faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ó bhí mí Aibreáin 2020 ann. An 3 Aibreán 2020, chinn an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 126(6) CFAE, gurbh ann do staid easnaimh iomarcaigh sa Rómáin mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh([1]), agus d'eisigh sí Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE([2]) d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh rialtais iomarcaigh faoi 2022 ar a dhéanaí.

(4) An 18 Meitheamh 2021, i bhfianaise an chraptha dhomhain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá nasctha le paindéim COVID-19, ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe([3]) faoi Airteagal 126(7) CFAE, agus ar an gcaoi sin mhol sí go gcuirfeadh an Rómáin deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2024 ar a dhéanaí.

(5) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2024/2130([4]) faoi Airteagal 126(8) CFAE, agus ar an gcaoi sin chinn sí nach raibh gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021. Cuireadh san áireamh sa Chinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2024 go ndéanfaí

---

1 IO L 110, 8.4.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/509/oj

2 Moladh ón gComhairle (AE) 2020/C 116/01 an 3 Aibreán 2020 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh rialtais iomarcaigh sa Rómáin (IO C 116, 8.4.2020, lgh. 1–3).

3 Moladh ón gComhairle (AE) 2021/C 304/24 an 18 Meitheamh 2021 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh rialtais iomarcaigh sa Rómáin (IO C 304, 29.7.2021, lgh. 111–115).

4 Cinneadh (AE) 2024/2130 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena suitear nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 (IO L, 2024/2130, 1.8.2024).

an chéad bheart eile sa nós imeachta um easnamh iomarcach, is é sin moladh athbhreithnithe ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh, go ndéanfaí an beart sin tar éis thíolacadh an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263.

(6) An 25 Deireadh Fómhair 2024, thíolaic an Rómáin a céad phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2024/1263([5]). Cumhdaíodh leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2028 agus cuireadh i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana. An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine([6]). Leis an moladh sin, leagadh síos na huasrátaí fáis glanchaiteachais agus sonraíodh an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana.

(7) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) CFAE lena moltar go gcuirfeadh an Rómáin deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2030([7]). Mhol an Chomhairle conair cheartaitheach ghlanchaiteachais don Rómáin i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) 1467/97 ([8]) agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas i gceist([9]): 5,1 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,7 % in 2027, 4,3 % in 2028, 4,2 % in 2029, agus 3,9 % in 2030, a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 20,2 % in 2025, 26,0 % in 2026, 31,9 % in 2027, 37,6 % in 2028, 43,3 % in 2029, agus 49,0 % in 2030. Ba iad sin na rátaí fáis bliantúla agus carnacha céanna a leagadh síos sa Mholadh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine. Leag an Chomhairle síos sprioc-am an 30 Aibreán 2025 don Rómáin gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a chur i láthair mar aon lena tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn le haghaidh 2025, ar tuarascáil í atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(8) Go dtí seo, níor thíolaic an Rómáin a tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh agus maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe

---

5 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

6 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine, IO C/2025/647, 10.2.2025. ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/647/oj

7 Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach maidir leis an Rómáin ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/romania_ga.

8 Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30).

9 Sainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 gurb é is glanchaiteachas ann caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas ar ús, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(9) In 2024 agus 2025, tá an glanchaiteachas ag fás i bhfad níos tapúla ná mar a mhol an Chomhairle; is é an toradh a bhíonn air sin easnamh ard leanúnach rialtais, rud a chuireann i mbaol ceartú tráthúil an easnaimh iomarcaigh faoi 2030. Níl aon 'tosca ábhartha' maolaitheacha le cur san áireamh sa nós imeachta um easnamh iomarcach a d'athródh an measúnú sin, agus is toisc ghéaraitheach iad na rioscaí arda meántéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach atá roimh an Rómáin. Ar an mbonn sin, an [dáta] ghlac an Chomhairle Cinneadh faoi Airteagal 126(8) CFAE lena suitear nach raibh aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an moladh uaithi an 21 Eanáir 2025.

(10) I gcás nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach á déanamh ag Ballstát a bhfuil maolú aige, le hAirteagal 126 CFAE ceanglaítear ar an gComhairle moladh athbhreithnithe a ghlacadh faoi Airteagal 126(7) atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh laistigh de thréimhse áirithe. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, bunófar leis an moladh sin freisin sprioc-am uasta 6 mhí le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach a bheidh le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, sprioc-am is féidir a laghdú go 3 mhí nuair is gá de bharr thromchúis an cháis. Thairis sin, sa mholadh ón gComhairle, molfaidh sí don Bhallstát cloí le huasráta fáis glanchaiteachais mar a leagtar síos le conair cheartaitheach ghlanchaiteachais, lena n-áirithítear go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI, agus go gcoinneofar faoina bhun sin é, laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa mholadh sin. I gcás inar osclaíodh an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn an chritéir easnaimh, beidh an chonair cheartaitheach comhsheasmhach le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0,5 % de OTI mar thagarmharc le linn na mblianta ina meastar go mbeidh an t-easnamh rialtais ghinearálta níos mó ná an luach tagartha. Féadfaidh an Coimisiún, le linn idirthréimhse in 2025, 2026 agus 2027, an tagarmharc a choigeartú chun an méadú ar chaiteachas ar ús a chur san áireamh agus an chonair cheartaitheach atá beartaithe le haghaidh na mblianta á leagan síos aige, agus aithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle á cur san áireamh.

(11) Tháinig méadú 0,8 % ar an bhfíor-OTI sa Rómáin in 2024. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh méadú 1,4 % ar an ngeilleagar in 2025, rud a dtacóidh téarnamh i seirbhísí tógála agus iompair leis agus a gcuideoidh ballraíocht i limistéar Schengen agus uasghráduithe bonneagair leis freisin. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 2,2 % ar an bhfíor-OTI, rud a léireoidh an t-ionsú níos láidre cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Meastar go sroichfidh an ráta dífhostaíochta 5,3 % in 2025 agus 5,2 % in 2026. Tiocfaidh laghdú ar an ráta boilscithe ó 5,8 % in 2024 go 5,1 % in 2025 agus go 3,9 % in 2026.

(12) De réir na sonraí a sholáthair Eurostat an 22 Aibreán 2025[10], 9,3 % de OTI a bhí san easnamh rialtais ghinearálta sa Rómáin in 2024. Tá sé sin i bhfad níos airde ná an réamh-mheastachán 7,9 % d'easnamh OTI a áiríodh i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine i mí Dheireadh Fómhair 2024. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún Eorpach go mbeidh easnamh rialtais

[10] Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 22 Aibreán 2025. Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-euro-indicators/w/2-22042025-ap

ghinearálta 8,6 % de OTI ann in 2025 agus go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 8,4 % de OTI ann in 2026. Réamh-mheastar gurb é 7,9 % a bheidh san easnamh struchtúrach in 2025 agus meastar nach n-athróidh sé in 2026.

(13) 54,8 % de OTI a bhí san fhiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2024. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air go 59,4 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 63,3 % de OTI ag deireadh 2026 agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé níos mó ná an luach tagartha 60 % de OTI.

(14) An chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais athbhreithnithe a leagtar amach sa Mholadh seo, lena mbunaítear na huasrátaí fáis glanchaiteachais, tá sí comhsheasmhach le feabhas bliantúil íosta 0,5 % de OTI ar a laghad ar an gcomhardú struchtúrach agus áirithítear léi go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha, agus go gcoinneofar faoina bhun sin é, laistigh den sprioc-am ceartúcháin bunaidh, is é sin 2030. Chun cur chuige comhsheasmhach rioscabhunaithe a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar an diall ón gconair bhunaidh, déantar an chonair cheartaitheach a thús-ualú le coigeartuithe bliantúla ar an bpríomhchomhardú struchtúrach de thart ar 2 phointe céatadáin [in aghaidh na bliana] in 2025 agus 2026 agus thart ar phointe céatadáin amháin ina dhiaidh sin, agus tacaíocht á fáil ó phríomh-athchóirithe lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an gcreat cánach, agus áirithítear léi go bhfillfidh an fiachas ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI sa mheántéarma. Ar bhonn na conaire ceartaithí glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh seo, ar bhonn chreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh, agus ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún Eorpach, thiocfadh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta ó 9,3 % de OTI in 2024 go 2,8 % de OTI faoi 2030. Leanfadh an fiachas rialtais ghinearálta de bheith ag méadú ó 54,8 % de OTI ag deireadh 2024 go 62,3 % ag deireadh 2028, agus laghdódh sé ansin go 61,1 % in 2030.

(15) Trí chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais molta a leagtar síos leis an gconair cheartaitheach ghlanchaiteachais, ba cheart ceartú marthanach an easnaimh iomarcaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, ba cheart bearta nithiúla a dhíriú ar cháilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí a fheabhsú, ar infheistíocht a chaomhnú agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a threisiú. Le hathchóirithe de chineál fioscach agus de chineál eacnamaíoch níos leithne, ba cheart feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe, agus tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

(16) I ndáil leis sin, tá feidhm fós ag pointe 2 agus Iarscríbhinn II (Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana) den Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Rómáine. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin faoi Airteagal 22(1) de Rialachán 2024/1263. Mar sin féin, i bhfianaise an mheatha a tháinig ar staid fhioscach na Rómáine le déanaí i gcoibhneas leis an bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta, ní mór méadú a dhéanamh ar raon feidhme na n-athchóirithe sa phlean sin, go háirithe na hathchóirithe sin a bhfuil tionchar níos dírí acu ar an ionchas fioscach agus ar an inbhuanaitheacht fiachais. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an athchóiriú cánach atá ar na bacáin ioncam breise a ghiniúint atá i bhfad os cionn 1,7 % de OTI a bhí beartaithe sa phlean. Chun rannchuidiú leis an staid fhioscach a cheartú, beidh gá le bearta breise freisin chun feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach, agus chun dianrialú ar chaiteachas reatha, lena n-áirítear pá poiblí, a áirithiú.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, ní dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh an nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm ach amháin, de bhun Airteagal 126(12) CFAE, i gcás inar tugadh an t-easnamh faoi bhun an luacha tagartha agus ina réamh-mheasann an Coimisiún go bhfanfaidh sé amhlaidh sa bhliain reatha agus sa bhliain ina dhiaidh sin.

AG MOLADH LEIS SEO

(1) Ba cheart don Rómáin a áirithiú nach rachadh ráta fáis ainmniúil an ghlanchaiteachais os cionn na n-uasmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

(2) Ba cheart go gcuirfeadh an Rómáin, dá bhrí sin, deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2030.

(3) Beidh go dtí an sprioc-am arna leagan síos ag an gComhairle, is é sin an 15 Deireadh Fómhair 2025, ag an Rómáin chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a chur i láthair chun ceartú tráthúil an easnaimh iomarcaigh a áirithiú. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Rómáin tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar i dtaca le cur chun feidhme an mholta seo gach 6 mhí ar a laghad, san earrach i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn agus san fhómhar faoin 15 Deireadh Fómhair, go dtí go gceartófar an t-easnamh iomarcach.

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Moladh seo.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)
an Rómáin

Blianta		2025	2026	2027	2028	2029	2030
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	2,8	2,6	4,6	4,4	4,2	4,0
	Carnach (*)	2,8	5,5	10,4	15,2	20,1	24,9

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán